



**Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil**  
Environment, Community and Local Government

Don Oifig

Tag. Uimh . \_\_\_\_\_

Dáta an Iarratais: \_\_\_\_\_

An Dáta a bhfuarthas é. \_\_\_\_\_

Dáta deimhnithe: \_\_\_\_\_

## IARRATAS AR LÉAS URTRÁ CHUN STÁISIÚN GINTE LEICTREACHAIS A THÓGÁIL AMACH ÓN gCÓSTA

Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chucu seo a leanas:

*Pleanáil Muirí - Rannóg Urthrá (MPFS)*  
*Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil*  
*Bóthar Bhaile Nua*  
*Loch Garman*

### SONRAÍ AN IARRATASÓRA

1	<b>Ainm</b>	Foras na Mara
2	<b>Seoladh (poist)</b>	Rinn Mhíl, Órán Mór, Co. na Gaillimhe
3	<b>Uimhir Ghutháin (teagmháil)</b>	+353 91 387200
4	<b>Seoladh ríomhphoist</b>	institute.mail@marine.ie
5	<b>Uimhir Facs</b>	+353 91 387201
6	<b>Uimh. CBL</b>	IE6600338L
7	<b>Dúiche Chánach</b>	Réigiún na Teorann, Lár Tíre & an Iarthair

### SONRAÍ CHOMHAIRLEOIR DLÍ AN IARRATASÓRA

8	<b>Ainm</b>	Philip Lee Aturnaetha
9	<b>Seoladh (poist)</b>	7-8 Ardán Wilton, Baile Átha Cliath 2.
10	<b>Uimhir Ghutháin (teagmháil)</b>	+353 1 2373700
11	<b>Seoladh ríomhphoist</b>	awhittaker@philiplee.ie
12	<b>Uimhir Facs</b>	

## IONAD AN tSUÍMH

<b>13</b>	<b>Domhanfhad agus Domhanleithead teorainneacha suímh an stáisiúin giniúna beartaithe</b>	<p>Comhordanáidí geografacha i gcéimeanna, nóiméid deachúla (córas geodasach domhanda WGS 84)</p> <p>Domhanleithead An teorainn thuaidh: 53° 13.90' An teorainn theas: 53° 13.60'</p> <p>Domhanfhad An teorainn thoir: 9° 15.55' An teorainn thiar: 9° 16.15'</p> <p>Féach ar an léarscáil ceangailte: SiteLocation_LongLat.pdf</p>															
<b>14</b>	<b>Más féidir an limistéar a aithint ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis, déan comhordanáidí an suirbhé Ordanáis a shonrú freisin</b>	<p>Comhordanáidí Geografacha in IRENET95 Thrasteilgean Mercator na hÉireann</p> <table border="1" style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <thead> <tr> <th>Easting</th> <th>Northing</th> <th>Vertex</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td style="text-align: center;">515933</td> <td style="text-align: center;">720882</td> <td style="text-align: center;">Northeast corner</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">515923</td> <td style="text-align: center;">720325</td> <td style="text-align: center;">Southeast corner</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">515256</td> <td style="text-align: center;">720337</td> <td style="text-align: center;">Southwest corner</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">515266</td> <td style="text-align: center;">720894</td> <td style="text-align: center;">Northwest corner</td> </tr> </tbody> </table> <p>Féach ar an léarscáil ceangailte: SiteLocation_ITM.pdf</p>	Easting	Northing	Vertex	515933	720882	Northeast corner	515923	720325	Southeast corner	515256	720337	Southwest corner	515266	720894	Northwest corner
Easting	Northing	Vertex															
515933	720882	Northeast corner															
515923	720325	Southeast corner															
515256	720337	Southwest corner															
515266	720894	Northwest corner															
<b>15</b>	<b>Domhanfhad agus Domhanleithead Phointe lárnach an stáisiúin giniúna tonnchumhachta beartaithe</b>	53° 13.75'N, 9° 16.05'W															
<b>16</b>	<b>An t-achar atá le clúdach ag an stáisiún giniúna beartaithe</b>	37 heicteár															
<b>17</b>	<b>Toise limistéar an stáisiúin giniúna ag a phointí is leithne agus is faide</b>	560 m x 670 m															
<b>18</b>	<b>An t-achar is gaire ó stáisiún ghiniúna eile nó tógálacha eile ar ghrinneall na farraige (lena n-áirítear tógálacha atá ceangailte go buan nó go leathbhuan ar ghrinneall na farraige)</b>	<p>2.83 km go bonn Ché an Spidéil (an struchtúr is gaire ar ghrinneall na farraige).</p> <p>Féach Fad A ar an léarscáil ceangailte: SiteLocation_Distances.pdf</p>															
<b>19</b>	<b>Fad ón gcósta ag an bpointe is gaire</b>	1.27km															
<b>20</b>	<b>Fad ón áit chónaithe is gaire</b>	1.50km															
<b>21</b>	<b>Fad ón oibríocht Dobharshaothraithe is gaire más lú ná 3 km é</b>	Níl aon oibríocht dobharshaothraithe laistigh de 3km ón suíomh.															

## SONRAÍ AN TOGRA

<b>22</b>	<b>An cineál stáisiúin giniúna atá beartaithe (.i. faoi thiomáint na gaoithe, faoi chumhacht na dtonn, srl.)</b>	Tástáil fréamhshamhlacha gléasanna gaoithe, tonn agus taoide de réir scála
<b>23</b>	<b>Sonraí faoi Údarú tógála agus Ceadúnas giniúna agus soláthair a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais</b>	Neamhbhainteach  Ní dhéanfar aon obair thógála.  Ní dhéanfar aon leictreachas a chur ar fáil don eangach náisiúnta.
<b>24</b>	<b>Líon agus suíomh na ngléasanna giniúna laistigh den limistéar (taispeáin ar na cairteacha)</b>	Beidh trí ghléas fréamhshamhala de réir scála ann ar a mhéad
<b>25</b>	<b>Uasairde an tiontaire tonnfhuinimh os cionn sonraí na cairte (lena n-áirítear, i gcás feirmeacha gaoithe, airde na lann nuair a bhíonn siad ingearach)</b>	Barr lainne an tuirbín gaoithe ag 35m os cionn leibhéal na farraige*  Tiontairí tonnfhuinimh ag 5m os cionn leibhéal na farraige*  *Ós rud é go n-éireodh is go dtitfidh gléasanna snámha leis an taoide, tugtar an uasairde trí thagairt a dhéanamh do leibhéal dhromchla na farraige.
<b>26</b>	<b>Trastomhas rótair tuirbíní (i gcás feirmeacha gaoithe)</b>	Uastomhas 20m
<b>27</b>	<b>Toisí fisiceacha gach struchtúr iomlán lena n-áirítear ancaireacht nó bunsraith</b>	Féach ar Chuid 4.3 le haghaidh sonraí iomlána faoi thoisí bonneagair agus gléasanna an láithreáin tástála: Comhphárteanna Thionscadal na Tuairisce Comhshaoil a ghabhann leis
<b>28</b>	<b>An cineál tógála faoi bhun leibhéal na farraige</b>	Neamhbhainteach  Ní dhéanfar aon obair thógála.
<b>29</b>	<b>An cineál tógála os cionn leibhéal na farraige</b>	Neamhbhainteach  Ní dhéanfar aon obair thógála.
<b>30</b>	<b>An chaoi a ndéanfar an struchtúr a dhaingniú ar ghrinneall na farraige (.i. le cábla, daingnithe i mbunsraith choincréite, srl.)</b>	Féach ar Chuid 4.3 chun sonraí iomlána a fháil faoi bhonneagar an láithreáin tástála agus daingniú gléasanna: Comhphárteanna Thionscadal na Tuairisce Comhshaoil a ghabhann leis

*Ní mór líníochtaí de réir scála a chur ar fáil i gcás Ceisteanna 25, 26, agus 27*

## Ceisteanna Comhshaoil

<b>31</b>	<b>Fad ón Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) is cóngaraí má tá sé níos lú ná 5 Km ón suíomh</b>	LCS Choimpléasc Phortach Chonamara: 3.6 ciliméadar
<b>32</b>	<b>Luaigh aon ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nó fóillíochta eile a bhíonn ar siúl laistigh nó in aice leis an limistéar atá beartaithe don stáisiún giniúna</b>	<p>Bíonn roinnt bád (idir 6m agus 10m ar fad) ag iascaireacht gliomach, ribí róibéis agus luaineachán ar an taobh ó thuaidh agus ar an taobh thiar den suíomh. Leagtar potaí ar feadh limistéar carraigeach agus os a chionn limistéar gainimh in uisce a bhíonn suas le 22m ar dhoimhneacht agus de ghnáth bíonn sraitheanna de 20-30 pota i gceist.</p> <p>Déanann roinnt trálaeir beag (10 go 15m ar fad) trálaireacht ar chloichíní Bhá Bhaile Átha Cliath agus ar éisc ghrinnill díreach siar ón láithreán tástála.</p> <p>Bíonn báid bheaga ag iascaireacht ronnach agus mangach cois cladaigh le doruithe i rith míonna an tsamhraidh.</p> <p>Féach ar Chaibidil 12: Sócmhainní Ábhartha na Tuarascála Timpeallachta a ghabhann leis maidir le measúnú tionchair ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar iascaireacht</p>
<b>33</b>	<b>Uasmhéid leibhéal torainn a bhfuiltear ag súil leis ag an suíomh</b>	Is é ~ 100dB (A) na leibhéal torainn is airde ó oibriú feirmeacha gaoithe tráchtála lánsála de ghnáth. Meastar gurb é ~ 50dB (A) an torann a bheidh ón láithreán tástála nuair a bheidh sé ag obair
<b>34</b>	<b>Na gnáthleibhéal torainn a bhfuiltear ag súil leo ag an suíomh</b>	Meastar go mbeidh leibhéal torainn chúlra idir 30-50dB (A) i dtimpeallacht cósta muirí ag an láithreán tástála.
<b>35</b>	<b>Gnáthleibhéal torainn a bhfuiltear ag súil leo ag an áit chónaithe is gaire</b>	Meastar go mbeidh leibhéal torainn chúlra idir 30-50dB (A) i dtimpeallacht cósta muirí san áit chónaithe is gaire
<b>36</b>	<b>Na huasleibhéal torainn a bhfuiltear ag súil leo ag an áit chónaithe is gaire</b>	<p>Tá an áit chónaithe is gaire suite an-ghar don chósta agus timpeall 1.5km ó theorainn an láithreáin tástála.</p> <p>Meastar go mbeidh na leibhéal torainn uasta a bhfuiltear ag súil leo ag an suíomh sin laistigh de raon na dtorann cúlra i dtimpeallacht cósta muirí .i. idir 30-50dB (A)</p>
<b>37</b>	<b>Na leibhéal torainn uasta a bhfuiltear súil leo san SPA nó san LCS is gaire (má tá siad níos cóngaraí ná 5 Km.)</b>	ar leibhéal na bhfuaimanna mórtimpeall
<b>38</b>	<b>Luaigh tosca a d'fhéadfaí bheith ag súil leo (a) a mhéadóidh na leibhéal torainn os cionn na ngnáthleibhéal agus (b) go dtí na huasleibhéal</b>	níl bainteach
<b>39</b>	<b>Déan cur síos ar thionchar amhairc an togra ag an láthair chónaithe is gaire dó nó ar an ngníomhaíocht daonna ar an</b>	Nuair a bheidh radharc maith le fáil air beidh roinnt struchtúr éagsúil feiceálacha bainteacha le tabhairt faoi deara ag an Suíomh Tástála Fuinnimh In-athnuaite beartaithe i gCuan na Gaillimhe, a chlúdóidh cuid

	<p><b>gcladach (inis an cineál suímh .i. títhe, trá, club bád, srl. atá i gceist)</b></p>	<p>bheag gheoiméadrach de Chuan na Gaillimhe. D'fhéadfadh dealramh beagán débhríoch a bheith ar na struchtúir sin i gcomparáid le háirí agus le struchtúir a d'fhéadfadh a bheith níos coitianta sa timpeallacht mhuirí an fad sin amach ón gcósta.</p> <p>Ós rud é nach mbeidh toirt shuntasach ag an Suíomh Tástála Fuinnimh In-athnuaite beartaithe i gCuan na Gaillimhe 'cur isteach' físiúil a bheidh aige seachas 'bac' radhairc. D'fhéadfadh na struchtúir atá beartaithe cur beagán leis an tranglam atá le feiceáil ar thaobh na farraige. Mar sin féin, bíonn daoine ina gcónaí agus ag obair ar an gcuid seo den chósta agus tá cuimse struchtúr agus cineálacha úsáide talún i gceist ann agus ní mheastar go dtiocfaidh Suíomh Tástála Fuinnimh In-athnuaite Chuan na Gaillimhe salach ar charachtar ná ar na luachanna a bhaineann le radhairc cósta sa limistéar seo.</p> <p>Gné thábhachtach feabhsaithe den tionscadal is ea nádúr sealadach suiteálacha na ngléasanna agus an chaoi nach dtarlóidh sé go minic go mbeidh na struchtúir go léir ann ag an am céanna. Tríd is tríd, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ag an Suíomh Tástála Fuinnimh In-athnuaite atá beartaithe i gCuan na Gaillimhe.</p> <p>Féach ar Chaibidil 11: Measúnacht Tionchair Amhairc sa Tuarascáil Timpeallachta a ghabhann leis chun torthaí iomlána a fháil faoin measúnacht tionchair amhairc</p>
40	<p><b>An ndeachaigh sibh i mbun comhairliúcháin leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra - an tSeirbhís Oidhreacht Náisiúnta?</b></p>	<p>Chuamar <input checked="" type="checkbox"/> Ní Dheachamar <input type="checkbox"/></p>
41	<p><b>An ndeachaigh sibh i mbun comhairliúcháin leis na húdaráis chuain in aice láimhe?</b></p>	<p>Chuamar <input checked="" type="checkbox"/> Ní Dheachamar <input type="checkbox"/></p>
42	<p><b>An bhfuil cead pleanála faighte d'oibreacha ar tír?</b>  <i>(Má tá ba cheart cóip a cheangal leis)</i>  Mura bhfuil cead pleanála faighte ba cheart cóip den iarratas pleanála (de na hiarratais phleanála) a sheoladh leis an iarratas)</p>	<p>Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/></p> <p>Ní bhaineann sé sin le hábhar mar nach bhfuil aon oibreacha le déanamh ar tír agus dá bhrí sin níl cead pleanála riachtanach.</p>
43	<p><b>An bhfuil na ceadanna um bealaí cladaigh atá riachtanach faighte?</b></p>	<p>Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/></p> <p>Ní bhaineann sé sin le hábhar toisc nach bhfuil aon rochtain ar an gcladach ag teastáil agus mar sin níl ceadanna um bealaí cladaigh ag teastáil.</p>

## Cúrsaí Sábháilteachta Loingseoireachta

44	<b>Cad é an fad a bheidh sé ó lánáí loingseoireachta ag an bpointe is gaire?</b> <i>Léirigh ar na cairteacha muirí cuí atá ag gabháil leis an iarratas</i>	Níl bainteach
45	<b>Ar iarradh crios eisiatachta loingseoireachta (lena n-áirítear báid iascaireachta agus fóillíochta)?</b> (Tabhair sonraí agus fáthanna má iarradh a leithéid)	Níor iarradh
46	<b>An bhfuil an crios eisiatachta (nó toirmisce) á lorg maidir le húsáid aon chineál trealaimh iascaireachta nó gníomhaíocht fóillíochta laistigh den limistéar ina mbeidh na tuirbíní agus / nó cáblaí bainteacha?</b> <i>(Ba cheart crios eisiatachta a thaispeáint ar na cairteacha muirí cuí ar cheart iad a sheoladh leis an iarratas)</i>	Níor iarradh

***Bíonn ráiteas sábháilteachta mara ar leith ag teastáil le haghaidh gach stáisiún giniúna leictreachais amach ón gcósta.***

### Sonraí Airgeadais

47	<b>An t-aschur uasta bliantúil atá ceaptha don stáisiún giniúna beartaithe</b>	Dada Ní bheidh an láithreán tástála atá beartaithe do fhréamhshamhlacha fuinnimh mara de réir scála ceangailte leis an eangach
48	<b>Aschur uasta bliantúil réamh-mheasta an stáisiún giniúna beartaithe</b>	Dada Ní bheidh an láithreán tástála atá beartaithe do fhréamhshamhlacha fuinnimh mara de réir scála ceangailte leis an eangach
49	<b>Costas Caipitil an Fhiontair atá Beartaithe</b>	€1 mhilliún
50	<b>Foinse caipitil</b>	Maoiniú an Rialtais

**DEARBHÚ agus TOILIÚ**

**Tá na sonraí atá tugtha ar an iarratas ceart ar feadh m'eolais.**

**Tuigim nach geuirfidh mise ná mo ghníomhairí tús le hobair ar bith ar an láithreán atá beartaithe, gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire.**

**Tuigim nach dtugann sealbhú ceadúnais urthrá cearta tosaíochta dom d'fhorbairt an cheantair a bhfuil mé ag déanamh iarratais lena Léasú.**

**Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann an iarratasóra**

\_\_\_\_\_

**Ainm an tSínitheora (bloclitreacha) Michael Gillooly**

An Post atá Aige: Stiúrthóir

Dáta \_\_\_\_\_

Stampa na Cuideachta
-------------------------

## Ráiteas Sábháilteachta Mara

Bíonn iarratas chun forbairt a dhéanamh ar an gCladach ag teastáil chun an iad seo a leanas a dhéanamh:

- Measúnú a dhéanamh ar thrácht muirí, más ann dó, i gcomharsanacht na forbartha beartaithe. Na cineálacha tráchta a aithint (loingseoireacht tráchtála, iascaireacht, seoladh fóillíochta) agus fáil amach cá ngluaiseann siad / na bealaí trína ngluaiseann siad. Is féidir an t-eolas sin a fháil ó na húdaráis chuain áitiúla, Garda Cóstá na hÉireann, Comharchumainn Iascaireachta, clubanna seoltóireachta, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Seirbhís Cabhlaigh na hÉireann srl.
- Faigh amach ón eolas sin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar thrácht muirí, dá mbeadh tionchar ar bith aici.
- Sa chás gur dócha go mbeadh tionchar aici, déan cur síos ar na bearta maolaithe atá le cur i bhfeidhm chun idirghníomhaíocht a chosc. Sa chás go meastar nach mbeidh aon tionchar ann, ní mór ráiteas soiléir a thabhairt faoi sin agus na forais ar a bhfuil sé bunaithe.

Nuair a sheolfar an t-eolas thuasluaite isteach leis an iarratas beidh an Stiúrtóireacht um Shábháilteacht Mhuirí in ann measúnú a dhéanamh. Ba cheart go gcuirfeadh an nós imeachta sin dlús faoi gach iarratas ó thaobh shábháilteacht loingseoireachta de. Bainfidh an méid thuas mar aon le Ráiteas Tionchair Timpeallachta (nuair is gá) le gach iarratas ar Stáisiún Giniúna Leictreachais amach ón gcósta.

Beidh an Ráiteas éigeantach anois i gcás gach iarratas ar Cheadúnas agus Léas ar Stáisiún Giniúna Leictreachais amach ón gcósta mar gheall ar an mbaol do shábháilteacht loingseoireachta agus ó thaobh damáiste éiceolaíochta fadtéarma.